

*Scéim Teanga
Chomhairle Cathrach na Gaillimhe*

2006-2009

Cathair na Gaillimhe: Réamhrá agus Forbhreathnú

Tá Cathair na Gaillimhe suite in áit álainn ar chósta an Iarthair, i mbearna an gheata isteach chuig an gceantar Gaeltachta is mó sa tír – Conamara. Tá Loch Coirib ó thuaidh agus Cuan na Gaillimhe ó dheas di, agus an abhainn á roinnt ina dhá leath. Sníonn canálacha amach as Abhainn na Coiribe, timpeall ar an gcathair, agus isteach go Cuan na Gaillimhe. Is í an chathair seo lárionad oideachais an Iarthair agus tá cáil bainte amach aici as an iliomad imeachtaí cultúrtha a bhíonn ar siúl inti. Ní hamháin sin, ach is í Gaillimh príomhchathair tráchtála agus tionscail an Iarthair. Tá cuan breá amach os a comhair, le páirc fiontar taobh leis, a bhaineann leas as an acmhainn sin. Tá forbairt mhór tagtha ar na háiseanna ag an Aerphort Réigiúnach ar imeall na cathrach, le breis seirbhísí agus eitiltí ar fáil anois ann. Tá méadú de bheagnach 300% tagtha ar líon na bpaisinéirí atá ag úsáid an aerphoirt sin ón bhliain 2000.

Tá cáil mhór ar shamhlaíocht chultúrtha na Gaillimhe. Cé nach bhfuil sí an-mhór mar chathair, tá taithí mhaith ag Gaillimh ar chur chun cinn an chultúir agus ar imeachtaí móra ealaíon a eagrú. Tá an Ghaeilge lárnaigh i saol na cathrach le blianta fada agus tá páirt thábhachtach ag forais chultúrtha agus shóisialta ar nós Taibhdhearc na Gaillimhe, Áras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge agus Árus na nGael i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair.

Tá cuid den chathair lonnaithe sa Ghaeltacht oifigiúil – Cnoc na Cathrach, Mionlach agus An Caisleán Gearr, mar shampla. Tá forbairt mhór tagtha ar na ceantair seo – agus go deimhin ar an gcathair féin - le

roinnt blianta anuas. Le deich mbliana anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na nGaeilgeoirí atá ina gcónaí agus i mbun oibre i gCathair na Gaillimhe. Tá sé seo tarlaithe mar thoradh ar an mborradh atá faoi thionscal na cumarsáide a tharla de dheasca TG4 agus, ar ndóigh, mar gheall ar an bhforbairt atá tagtha ar Ghaeilge agus ar Áras na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tugann an fás suntasach seo ar úsáid na teanga, chomh maith le suíomh na cathrach ar imeall na Gaeltachta, deis do Chathair na Gaillimhe ainm a bhaint amach di féin mar an ceantar cathrach is mó sa tír ina n-úsáidtear an Ghaeilge. I láthair na huair, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun plé le forais éagsúla, ar nós Gaillimh le Gaeilge, maidir le stádas oifigiúil a bhaint amach don Chathair mar ‘Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann’.

Ullmhú na Scéime

D’ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Scéim seo faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Forálann Alt 11 den Acht d’ullmhú Scéim reachtúil ó na comhlachtaí poiblí, ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge i seirbhísí Stáit, ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na *beartais* atá i gceist ag an gcomhlacht a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear aon seirbhís, nach mbeidh ar fáil trí mheán na Gaeilge, ar fáil trí Ghaeilge laistigh d’achar ama aontaithe.

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na Treoirlínte atá leagtha amach faoi Alt 12 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d’eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Mheán Fómhair 2004.

D’fhoilsigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógraí ag tabhairt cuireadh don phobal aighneachtaí a sholáthar maidir le hullmhú na Scéime. Chomh maith leis sin, d’eagraigh an Chomhairle cruinnithe poiblí sa chathair ina leith seo. Tá achoimre ar na haighneachtaí ar fad a fuarthas le fáil san aguisín. Tugadh na haighneachtaí iomchuí uile, ó na páirtithe leasmhara, san áireamh in ullmhú na Scéime seo.

Bunnaíodh grúpa oibre tras-rannóige i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ansin, agus tháinig an grúpa seo le chéile go rialta thar thréimhse roinnt míonna chun an Dréachtscéim a chur i gcrích. Úsáideadh samplaí de scéimeanna ó chomhlachtaí poiblí éagsúla, atá daingnithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta cheana féin, chun smaointe a fháil maidir le leagan amach na Scéime. É sin ráite, is Scéim ar leith í seo atá dírithe go speisialta ar spriocanna teanga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, chun forbairt a dhéanamh ar an gcomhthionscadal atá ar bun idir Chomhairle Cathrach

na Gaillimhe agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta: 'Gaillimh - Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann'.

Príomhghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach

Tá roinnt feidhmeanna ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ní hamháin gurb í an Chomhairle an áisíneacht don daonlathas áitiúil, is soláthróir seirbhíse, rialaitheoir agus éascaitheoir í. Déanann sí agus cuireann sí beartais phoiblí I bhfeidhm. Déantar cur síos de ghnáth ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmeanna na Comhairle Cathrach faoi na teidil atá leagtha amach sa bhuiséad bliantúil, i.e.

- *Tithíocht agus Tógáil*
- *Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht*
- *Soláthar Uisce agus Séarachas*
- *Smachtú agus Dreasachtaí Forbartha*
- *Cosaint na Timpeallachta*
- *Conláiste agus Caitheamh Aimsire*
- *Talmhaíocht, Sláinte, Oideachas agus Leas*
- *Seirbhísí Ilchineálacha*

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe roinnte suas idir na Rannóga seo a leanas:

Tithíocht

- ***Pleanáil***
- ***Iompar & Infreastruchtúr***
- ***Timpeallacht***
- ***Seirbhísí Corparáideacha***

- *Airgeadas*

Seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag an gComhairle Cathrach mar atá

I láthair na huaire, tá Oifigeach Forbartha Gaeilge ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Foilsítear gach tuarascáil a bhaineann le beartais phoiblí, ar nós an Tuarascáil Bhliantúil, i nGaeilge agus i mBéarla. Tá roinnt foirmeacha iarratais, i gcomhair seirbhísí de chuid na Comhairle, ar fáil go dátheangach. Déantar cumarsáid leis na meáin i nGaeilge agus i mBéarla. Tá nasc Gaeilge ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Reáchtálann an Chomhairle clár forbartha cultúrtha chun Cultúr na Gaeilge – sean-nós, drámaíocht, scríbhneoireacht &rl. – a chur chun cinn sna scoileanna. Cuireadh tús leis an scéim seo, ar a dtugtar ‘Infheistíocht Chultúrtha’, in 2003 agus tá sí ar bun anois i 14 scoil ar fud na cathrach.

An dáta atá beartaithe chun tús a chur leis an Scéim

Is é an 1 Meán Fómhair 2006 an dáta atá beartaithe chun tús a chur leis an Scéim agus beidh an Scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire, cibé cé acu is túsce.

Ceantair Ghaeltachta laistigh den Chathair

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge sna ceantair laistigh den chathair atá sa Ghaeltacht oifigiúil. Níl aon Oifig de chuid na Comhairle laistigh de theorainn na Gaeltachta sa gCathair, cuirfidh an Comhairle Cathrach áfach, i gcomhréir le forálacha na scéime seo le seirbhísí na Gaeilge don Chathair, ceantair Gaeltachta san áireamh.

Beartais na Scéime

Bunaithe ar an méid atá feicthe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i scéimeanna de chuid Chomhairlí eile, atá daingnithe ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, táimid chun na beartais a leagan amach faoi na teidil seo a leanas:

1. Bróisiúir/Bileoga Eolais
2. Foirmeacha Iarratais
3. Comhfhreagras Scríofa
4. Preas Eisiúintí & Ráitis
5. Foilseacháin
6. Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise, Idirlín & An Láithreán Gréasáin
7. Cumarsáid ar an Teileafón
8. Seirbhísí Cuntair
9. Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bpobal
10. Comhairliú
11. Íomhá Chorparáideach, Comharthaíocht agus Beartais Ghinearálta
12. Beartais agus Tionscnaimh Nua
13. Seirbhísí a chuirtear ar fáil ar son na Comhairle

Cur i bhFeidhm

Baineann an dara cuid den scéim le Cur i bhFeidhm & Monatóireacht faoi na teidil seo a leanas:

1. Freagracht

2. Traenáil

3. Foireann

4. Earcaíocht

Beartais na Scéime

1. Bróisiúir/Bileoga Eolais

Tá 5 phointe thábhachtach sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil i mbróisiúir/mbileoga eolais faoi dheireadh na scéimse seo.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
1.1 Beidh gach bróisiúir agus bileog eolais nua de chuid na Comhairle, go hiomlán dátheangach (Gaeilge agus Béarla) laistigh den aon cháipéis amháin, agus beidh an dá theanga ar chomhstádas.	Eanáir 2007
1.2 Beidh gach bróisiúir agus bileog eolais de chuid na Comhairle iomlán dátheangach faoi dheireadh na Scéime.	Faoi dheireadh na Scéime
1.3 Féadfaidh bróisiúir agus bileoga eolais a bheith i mBéarla amháin má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla, e.g. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl.	Leanúnach
1.4 Sa chás go gcuireann eagraíocht eile bróisiúir nó bileoga eolais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar leagan dátheangach a chur ar fáil.	Tús na Scéime
1.5 Nuair a chuireann comhlacht eile bróisiúir nó bileog eolais amach iad féin, dáileofar an leagan Béarla agus Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga áta á éileamh.	Tús na Scéime

2. Comhfhreagras Scríofa

Tá 10 bpointe tábhachtacha sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil maidir le comhfhreagras scríofa.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
2.1 Cuirfidh an Chomhairle fáilte roimh chomhfhreagras i mBéarla nó i nGaeilge.	Leanúnach
2.2 Tabharfar freagra (nuair atá gá leis) ar litir sa teanga inar scríobhadh an litir. Nuair atá gá le breis comhfhreagrais ina dhiaidh sin, déanfar é sa teanga céanna.	
2.3 Ní chuirfear aon mhoill ar leith ar chomhfhreagras i nGaeilge. Cuirfear freagra ar fáil laistigh den tréimhse atá sonraithe sa Phlean Cúraim Custaiméara.	Márta 2006
2.4 Beidh gach comhfhreagras, tar éis glaoch gutháin nó comhrá i nGaeilge, sa teanga céanna mura bhfuil an duine féin ag iarraidh a mhalairt.	Eanáir 2007
2.5 Beidh gach comhfhreagras, tar éis glaoch gutháin nó comhrá inar léirigh an duine gurbh fhearr leo Gaeilge a úsáid, i nGaeilge, cé go mb'fhéidir nach raibh an glaoch gutháin nó an comhrá féin i nGaeilge.	Eanáir 2007
2.6 Is i nGaeilge a dhéanfaidh an Chomhairle comhfhreagras le haon duine, grúpa, Gaelscoil nó eagraíocht, má tá sé soiléir go mbaineann siad úsáid as an Ghaeilge de gnáth nó más rud é gur fearr leo é sin a dhéanamh.	Eanáir 2007
2.7 Mar chuid de ghnáthriarachán seirbhísí ar bhonn laethúil, cuirfear gnáthlitreacha agus imlitreacha ar fáil don phobal go dátheangach.	Deireadh na Scéime
2.8 Beidh ráiteas ar pháipéarachas, ar fhógraí, ar ríomhphoist agus ar láithreán gréasáin na Comhairle ag tabhairt le fios don léitheoir go bhfáilteofar roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	Eanáir 2007
2.9 Bunófar clár agus bonnachar sonraí de dhaoine, de ghrúpaí, de scoileanna, de Ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí arbh fhearr leo go ndéanfaí cumarsáid leo i nGaeilge. Cuirfear é seo ar fáil ar bhonn liosta teagmhálacha do chaon oifigeach nó ar bhonn níos leithne do na haonaid seirbhíse.	Tréimhse iomlán na Scéime & Leanúnach
2.10 Bainfidh na prionsabail thuas le comhfhreagras leictreonach freisin.	Tréimhse iomlán na Scéime

3. Foirmeacha Iarratais

Tá 5 phointe thábhachtacha sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil maidir le Foirmeacha Iarratais.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
3.1 Beidh gach foirm iarratais, agus an t-eolas breise a théann léi, a fhoilsíonn an Chomhairle, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla san aon cháipéis amháin.	Eanáir 2007
3.2 Féadfaidh foirmeacha iarratais a bheith i mBéarla amháin má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla, e.g. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl	Leanúnach
3.3 Sa chás go gcuireann eagraíocht eile foirmeacha iarratais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar leagan dátheangach a chur ar fáil.	Tús na Scéime
3.4 Nuair a chuireann comhlacht eile foirm iarratais amach iad féin, dáileofar an leagan Béarla agus Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga áta á éileamh. Iarrfaidh an Chomhairle go gcuirfí an t-eolas ar fad san aon cháipéis amháin.	Tús na Scéime
3.5 Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge a úsáidtear ar fhoirmeacha iarratais soléite agus intuigthe, ach go gcloífear leis an gCaighdeán Oifigiúil ó thaobh na litrithe agus na gramadaí de.	Leanúnach

4. Preaseisiúintí agus Ráitis

Tá 4 bheartas thábhachtach sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil i bPreaseisiúintí agus i Ráitis chuig na meáin chumarsáide.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
4.1 Tabharfaidh an Chomhairle an Ghaeilge agus an Scéim seo san áireamh agus muid ag ullmhú aon bheartas nua cumarsáide.	Le linn ullmhú an bheartais
4.2 Cuirfear gach preaseisiúint agus ráiteas ginearálta ar fáil go dátheangach.	Tréimhse iomlán na Scéime
4.3 Déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh dóthain urlabhraithe le Gaeilge ar fáil, ag a mbeidh an t-údarás cuí, chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gComhairle nuair is gá é sin a dhéanamh.	Ar bhonn céimithe laistigh de thréimhse iomlán na Scéime
4.4 Cinnteoidh an Chomhairle, nuair atá ainmneacha teagmhála tugtha ar bhun phreaseisiúint/ráiteas, go mbeidh oifigeach ar fáil chun eolas a chur ar fáil i nGaeilge nó i mBéarla.	Ar bhonn céimithe laistigh de thréimhse iomlán na Scéime

5. Foilseacháin

Tá 6 bheartas thábhachtach sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil maidir le foilseacháin.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
5.1 Beidh gach foilseachán dátheangach de chuid na Comhairle laistigh den chlúdach céanna de réir dea-chleachtas. É sin ráite, d'fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta é seo a dhéanamh i gcásanna áirithe mar gheall ar mhéid an cháipéis.	Tús na Scéime
5.2 Nuair atá cáipéis le foilsiú go dátheangach, glacfar leis nach bhfuil an cháipéis iomlán réidh go mbeidh an dá leagan – Gaeilge agus Béarla - críochnaithe.	Tús na Scéime
5.3 Leanfar le foilsiú gach cáipéis atá á bhfoilsiú go dátheangach cheana féin, fiú mura bhfuil siad clúdaithe faoi Alt 10 den Acht.	Leanúnach
5.4 Leanfar le cáipéisí teicniúla a fhoilsiú 'i mBéarla amháin', mura bhfuil spéis ar leith ag an bpobal sa cháipéis nó mura bhfuil tábhacht éigin áitiúil leis. Sna cásanna sin, cuirfí leagan dátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil.	Deireadh na Scéime
5.5 Beidh an Ghaeilge a úsáidtear i bhfoilseacháin soléite agus intuigthe agus cloífear leis an gCaighdeán Oifigiúil ó thaobh na litrithe agus na gramadaí de.	Leanúnach
5.6 Cuirfidh an Chomhairle struchtúr in áit maidir le riachtanais aistriúcháin na Comhairle.	Deireadh Fómhair 2006

6. Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise, Idirlín & an Láithreán Gréasáin

Tá 7 ngníomh thábhachtach sa chuid seo a bhaineann le seirbhís iomlán dhátheangach a chur ar fáil maidir le foilseacháin

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
6.1 Déanfaidh an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide cinnte go mbeidh ábhar dátheangach ar an láithreán gréasáin. Beidh an leathanach baile, gach leathanach de na rannóga éagsúla agus na leathanaigh nuacht go hiomlán dátheangach. Beidh gach rannóg iomchuí freagrach as an t-ábhar a chur ar fáil go dátheangach.	Le linn tréimhse iomlán na Scéime
6.2 Beidh foirmeacha iarratais, bileoga eolais, cáipéisí agus foilseacháin a fhoilsítear go dátheangach ar fáil ar an láithreán gréasáin.	Ar sheoladh an Láithreáin Gréasáin nó laistigh de thréimhse na Scéime, cibé acu is tuisce.
6.3 Cuirfear córas in áit le go bhféadfaidh daoine aon ábhar nach bhfuil ar fáil as Gaeilge a éileamh agus má tá an t-ábhar sin ar fáil go dátheangach, foilseofar é ar an láithreán gréasáin.	
6.4 Cruthófar seoladh ríomhphoist ginearálta d'aon cheist a bheidh le cur i nGaeilge.	
6.5 Cuirfear rannóg Gaeilge ar fáil ar an Inlíon mar thacaíocht agus mar acmhainn don fhoireann.	
6.6 Cuirfear gach seirbhís nua idirghníomhach, a cheadóidh don phobal iarratais a dhéanamh nó leas a fháil ar líne, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Deireadh na Scéime

6.7 Cuirfear aon seirbhís idirghníomach, atá ar fáil cheana féin, ar fáil go dátheangach a luaithe agus is féidir.	Faoi Eanáir 2010
6.8 Cuirfear comhoiriúnacht teanga san áireamh nuair atá córais inmheánacha nua á gcur in áit nó á n-uasghrádú. Os rud é go bhfuil fadhbanna móra teicniúla agus acmhainní ann faoi láthair, is ceist í seo a mbeifear ag dul i ngleic léi sa bhfadthearma.	Leanúnach

7. Cumarsáid ar an Teileafón

Tá 6 ghníomh sa chuid seo a bhaineann le cumarsáid theileafóin le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
7.1 Tabharfaidh gach oibreoir lasc-chláir agus fáilteoir ainm na Comhairle/rannóige go dátheangach. Beidh siad ábalta beannú do dhuine i nGaeilge agus beidh socrúithe oiriúnacha in áit le go mbeidh siad ábalta baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís riachtanach a chur ar fáil i nGaeilge. Go dtí go mbeidh dóthain traenála agus earcaíochta déanta chun an córas sin a chur in áit, míneoidh an fostaí, go béasach, nach bhfuil Gaeilge acu féin agus cuirfidh siad an ghlaiteoir i dteagmháil le Gaeilgeoir.	Le tabhairt isteach de réir a chéile go dtí deireadh na Scéime.
7.2 Mura bhfuil Gaeilgeoir ar fáil chun déileáil leis an nglao, míneoidh an fostaí don ghlaiteoir nach bhfuil agus tógfaidh siad a (h)ainm agus a (h)uimhir theagmhála agus sonraí faoin gceist atá acu. Cinnteoidh an fostaí ansin go gcuirfidh Gaeilgeoir ón gComhairle glao ar ais ar an nglaoiteoir. Ní féidir é seo a dhéanamh ach nuair atáthar cinnte go gcuirfear glao ar ais chomh luath agus is féidir laistigh de lá amháin oibre. Murar féidir é sin a dhéanamh, tabharfar rogha don ghlaiteoir fanacht le glao ar ais i nGaeilge nó leanúint ar aghaidh i mBéarla.	Eanáir 2007

7.3 Mura bhfuil an Gaeilgeoir atá ábalta déileáil le ceist an ghlaiteora ar fáil, tabharfar rogha don ghlaiteoir leanúint leis an nglao i mBéarla nó fanacht go gcuirfear glao ar ais air i nGaeilge.	Eanáir 2007
7.4 Beidh na seirbhísí uathoibríocha freagartha fón go hiomlán dátheangach agus beidh siad ábalta glaoiteoirí a threorú I dtreo seirbhísí I nGaeilge. Déanfar go leor poiblíochta ar na seirbhísí seo de réir mar a chuirtear ar fáil iad.	Eanáir 2007
7.5 Beidh eolaire de Ghaeilgeoirí sa Chomhairle atá sásta déileáil le custaiméirí i nGaeilge ar fáil don té a bheidh ar an lasc-chlár.	Deireadh Fómhair 2006
7.6 Beidh teachtaireacht dhátheangach ar an tseirbhís teachtaireachta ar ghutháin na nGaeilgeoirí sa Chomhairle agus iad ag tabhairt cuireadh do ghlaiteoirí teachtaireacht a fhágáil i mBéarla nó i nGaeilge.	Deireadh Fómhair 2006

8. Seirbhísí Cuntair

Tá 6 ghníomh sa chuid seo a bhaineann le forbairt ar sheirbhísí cuntair dhátheangacha i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
8.1 Beannófar do gach custaiméir ag cuntair phoiblí go simplí i nGaeilge agus i mBéarla.	De réir a chéile go dtí Feabhra 2007
8.2 Tabharfar aird ar theanga cumarsáide an chustaiméara. Más Gaeilgeoir é/i agu mura bhfuil Gaeilgeoir ar fáil chun déileáil leis an gceist atá aige/aici, míneofar dóibh go mínte nach bhfuil agus gur féidir leo fanacht ar Ghaeilgeoir nó gur féidir leo a gcuid sonraí a fhágáil agus go mbeidh Gaeilgeoir i dteagmháil leo níos deanaí nó is féidir leo leanúint leis an gcomhrá i mBéarla. .	De réir a chéile go dtí Lúnasa 2007
8.3 Beidh gach comhfhreagras, tar éis don chustaiméir a bheith ag an gcuntar, I nGaeilge, más é sin atá ag teastáil ón gcustaiméir, fiú más I mBéarla a rinneadh	Tús na Scéime

	cumarsáid ag an gcuntar.	
8.4	Thar thréimhse thrí scéim, déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh struchtúir in áit le go mbeidh na seirbhísí cuntair ar fad ar fáil go dátheangach agus go mbeifear in ann déileáil go líofa le Gaeilgeoirí. Tosóidh sé seo san oifig fáiltithe sa phríomhoifig agus san oifig poiblí tráchta. Beidh Gaeilgeoirí líofa sna hionaid seo laistigh de thréimhse iomlán na Scéime.	Deireadh Scéim a trí (9 mbliana – Eanáir 2015)
8.5	Beidh na córais fógartha poiblí, a úsáideanna an Chomhairle nó a chuirtear ar fáil thar ceann na Comhairle in oifigí na Comhairle, i mBéarla agus i nGaeilge.	Meán Fómhair 2006
8.6	Glacfaidh an fhoireann le sonraí an chustaiméara i nGaeilge agus ní bheidh aon bhrú ag aon am ar an gcustaiméir a c(h)uid sonraí a thabhairt i mBéarla.	Meán Fómhair 2006

9. Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bPobal

Tá 8 ngníomh sa chuid seo a bhaineann le seirbhís dhátheangach a chur ar fáil maidir le cruinnithe poiblí/cruinnithe leis an bpobal.

	<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
9.1	Fáilteofar roimh inchur ón bpobal i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe leis an bpobal a eagraíonn an Chomhairle nó a eagraítear ar son na Comhairle.	–
9.2	Nuair a eagrófar cruinniú in oifig nó ag baile nó taobh amuigh den oifig, tabharfar aird ar theanga an chliant. Más Gaeilge atá ag an gcliant, déanfaidh an Chomhairle cinnte go gcasfaidh oifigeach dátheangach leis an gcliant.	De réir a chéile ó MF 2006 thar thréimhse iomlán na Scéime
9.3	Má bhí an Chomhairle ag déileáil le cliant i nGaeilge roimhe seo, glacfar leis go mbeidh an cruinniú agus aon teagmháil ina dhiaidh sin i nGaeilge freisin.	De réir a chéile ó MF 2006 thar

	thréimhse iomlán na Scéime
9.4 Mura bhfuil dóthain ama ann chun oifigeach dátheangach a chur ar fáil don chruinniú, míneofar an cás go míinte don chliant agus tabharfar dhá rogha dó/di: 1) cruinniú a eagrú amach anseo le hoifigeach le Gaeilge 2) an cruinniú a thionól i mBéarla.	De réir a chéile ó MF 2006 thar thréimhse iomlán na Scéime
9.5 Cuirfear seirbhís ateangaireachta ar fáil don phobal ag cruinnithe poiblí le go mbeidh siad ábalta a rogha teanga a úsáid, sa chás go bhfuil an rogha teanga ceart roimh ré.	Deireadh na Scéime
9.6 Iarrfar ar an bpobal roimh ré, i bhfógra an chruinnithe, cén teanga cumarsáide ar mhaith leo ag an gcruinniú poiblí.	Deireadh na Scéime
9.7 Má eagraíonn an t-údarás áitiúil cruinniú poiblí faoin nGaeilge, is i nGaeilge a reáchtálfar an cruinniú sin agus beidh seirbhísí ateangaireachta ar fáil.	Tús na Scéime
9.8 Nuair a eagraíonn an Chomhairle cruinnithe le eagrais a fheidhmíonn de ghnáth trí mheán na Gaeilge, is i nGaeilge a bheidh an cruinniú sin.	Deireadh na Scéime
9.9 Beidh seirbhísí aistriúcháin ar fáil ag gach cruinniú poiblí a eagraíonn an Chomhairle.	Deireadh Scéim a dó
10.0 Eagróidh an Chomhairle foirne oibre le go mbeidh fostóir le Gaeilge ar fáil ag cruinnithe poiblí.	Deireadh na Scéime

10. Comhairliú

Tá 6 ghníomh sa chuid seo a bhaineann le seirbhís dhátheangach a chur ar fáil maidir le comhairliú I gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

	<i>Action</i>	<i>Target Date</i>
10.1	Sa chuid seo ciallaíonn ‘Comhairliú’ ‘Comhairliú de chuid thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le beartais nó le hathbhreithnithe beartais’.	
10.2	Déanfar aon chomhairliú a chuirfidh an Chomhairle ar fáil nó a chuirfear ar fáil thar ceann na Comhairle go dátheangach nó i mBéarla nó i nGaeilge, de réir mar a theastaíonn ón gcliant, nuair a chuirtear a rogha teanga in iúl roimh ré.	–
10.3	Cuirfear ceistneoirí ar fáil agus fáilteofar roimh aighneachtaí i mBéarla nó i nGaeilge.	Deireadh na Scéime
10.4	Tabharfar rogha do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i ngrúpaí plé nó i bhfóraim idirghníomhacha i mBéarla nó i nGaeilge.	Deireadh na Scéime
10.5	Nuair atá comhairliú á phleanáil, déanfar cinneadh ar cheart dul i gcomhairle le Gaeilgeoirí nó le Béarlóirí mar spriocghrúpa ar leith.	Tús na Scéime
10.6	Más gníomhaireacht lasmuigh den Chomhairle a bheidh i mbun an chomhairlithe, bainfidh na coinníollacha thuas leis an gcomhairliú agus beidh siad sonraithe sa chonradh a bheidh idir an ghníomhaireacht sin agus an Chomhairle.	Deireadh na Scéime

11. Íomhá Chorporáideach, Comharthaíocht agus Beartais Ghinearálta

Tá 10 gcinn de ghnímh sa chuid seo a bhaineann le hÍomhá Chorporáideach, Comharthaíocht agus Beartais Ghinearálta

<i>Gníomh</i>	<i>Spriocdháta</i>
11.1 Is é Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Galway City Council ainm na Comhairle.	Leanúnach
11.2 Cuirfidh an Chomhairle íomhá chorporáideach a bheidh iomlán dátheangach in áit.	De réir a chéile go deireadh na Scéime
11.3 Beidh ainm na Comhairle dátheangach ar éide agus ar shuaitheantais.	I bhfeidhm cheana féin
11.4 Beidh an téacs ar lógó reatha na Comhairle agus ar aon lógó amach anseo i mBéarla nó i nGaeilge.	Tús na Scéime
11.5 Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh an téacs ar chomharthaíocht cruinn, intuigthe, soiléir agus go ndéanfaidh saineolaí teanga é a chinntiú.	Tús na Scéime
11.6 Fáilteoidh an Chomhairle roimh aon mholadh ó aon áis sa chathair go mbeadh a gcuid comharthaíochta I nGaeilge amháin.	Tús na Scéime
11.7 Déanfar forbairt ar bheartas chun comharthaíocht dátheangach a mholadh agus a chur chun cinn sa chathair – san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Déanfar é seo I gcomhar leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoin tionscadal 'Gaillimh - Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann'.	Laistigh de thréimhse iomlán na Scéime
11.8 Leanfar le hainm Gaeilge a chur ar aon fhorbairt nua tithíochta sa chathair. Beidh sé de dhualgas ar choiste logainmneacha na Comhairle na hainmneacha a chinntiú agus a roghnú de réir na téarmaí tagartha atá leagtha amach agus tar éis dul I gcomhairle le Coimisiún na Logainmneacha agus tar éis logainmneacha atá ann cheana féin, chomh maith le stair agus oidhreacht na háite a thabhairt san áireamh.	Leanúnach
11.9 Cuirfear gach fógra poiblí ón gComhairle ar fáil go dátheangach.	Deireadh na Scéime

11.10 Molfar ainmneacha Gaeilge a chur ar shráideanna, ar bhóithre agus ar ghnéithe nua sa chathair. Rachaidh coiste logainmneacha na Comhairle I gcomhairle le páirtithe leasmhara don phróiseas seo.	Leanúnach
11.10 Úsáidfidh an Chomhairle an t-Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 I ngnó oifigiúil.	Tús na Scéime

12. Beartais agus Tionscnaimh nua

Tá 5 ghníomh sa chuid seo a bhaineann le beartais agus tionscnaimh nua Chomhairle Cathrach na Gaillimh.

	<i>Gníomh</i>	<i>Spríodhata</i>
12.1	Déanfar beartais agus tionscnaimh nua de réir na Scéime agus ní bhainfidh siad uaidh.	Tús na Scéime
12.2	Cuirfidh beartais agus tionscnaimh nua Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na cathrach chun cinn.	Tús na Scéime
12.3	Cuirfidh beartais agus tionscnaimh nua úsáid na Gaeilge chun cinn sa chathair.	Tús na Scéime
12.4	Cuirfear an fhoireann agus comhairleoirí, a bheidh i mbun beartais a ullmhú, ar an eolas faoin Scéim agus faoi dhualgaisí na heagraíochtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.	Tús na Scéime
12.5	Déanfar athbhreithniú agus athruithe ar bheartais atá ann cheana féin le go mbeidh siad ag cloí le forálacha na Scéime.	Thar thréimhse iomlán na Scéime

13. Seirbhísí a chuirtear ar fáil ar son na Comhairle

Tá 3 ghníomh sa chuid seo a bhaineann le seirbhísí a chuirtear ar fáil ar son na Comhairle.

<i>Action</i>	<i>Target Date</i>
13.1 I ngnáth nósanna imeachta agus an Chomhairle ag déileáil le tríú páirtí a bhíonn ag soláthar seirbhísí don phobal, I gcomhar nó thar ceann na Comhairle, déanfar cinnte go dtabharfar aird ar riachtanais na Scéime seo agus ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ar aon rialacháin atá déanta faoin Acht sin.	Faoi dheireadh na Scéime
13.2 Nuair atá teagmháil leis an bpobal i gceist, iarrfar ar ghníomhaireachtaí nó ar chonraitheoirí a léiriú cén chaoi a bhfuil na seirbhísí seo á soláthar go dátheangach.	Meán Fómhair 2007
13.3 Nuair atá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirt le heagrais eile, cuirfidh an Chomhairle na páirtithe sin ar an eolas faoin Scéim Teanga agus déanfaidh sí cinnte go gcuirfead na beartais atá sa Scéim I bhfeidhm. Aon uair is féidir, spreagfaidh an Chomhairle cur chun cinn agus treisiú na Gaeilge.	Eanáir 2007

Cur I bhFeidhm

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 gur cheart do chomhlacht poiblí, in ullmhú na Dréachtscéime, 'a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach dá fhoireann inniúil sa Ghaeilge chun go mbeidh siad in ann a sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla'. Cinntíonn sé seo go mbeidh an Chomhairle in ann na seirbhísí a ghealltar, sa Scéim seo nó thar chúpla Scéim, a chur ar fáil go dátheangach de réir na prionsabail a bhaineann le seirbhísí ar ardchaighdeán don chustaiméir. Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhísí éifeachtacha agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá cuid cliant le Gaeilge. Chun é seo a bhaint amach, tuigeann an Chomhairle gur gá dóthain Gaeilgeoirí a fhostú thar réimse seirbhísí na heagraíochta.

Mar gheall ar seo, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar bheartais agus cuirfear beartais nua i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, le fostú agus le traenáil méid sásúil daoine a bheidh ábalta seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, chun aidhmeanna na Scéime a bhaint amach. Déanfar é seo i gcomhar agus i gcomhchomhairle leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, leis an bhfoireann agus leis na hionadaithe foirne. Cuirfear na gníomhaíochtaí thíos, agus b'fhéidir gníomhaíochtaí eile nach bhfuil luaite, san áireamh. Feictear go mbeidh deacracht ann líon sásúil foirne le Gaeilge, ag a bhfuil sainscileanna riachtanacha, a earcú. Déanfar an éifeacht a bheidh aige seo ar spriocanna na Scéime a léiriú in aon athbhreithniú a dhéanfar ar dhul chun cinn na Scéime.

Freagracht & Riarachán

<i>Gníomh</i>
Beidh Foireann Bainistíochta na Comhairle Cathrach, I gcomhchomhairle leis an gcoiste monatóireachta (a cheapfaidh Bainisteoir na Cathrach), freagrach as monatóireacht agus cur I bhfeidhm na Scéime.
Beidh Stiúrthóirí Seirbhíse agus na gráidatá ar aon dul leo freagrach as an Scéim a chur I bhfeidhm ina gcuid rannóga féin agus as tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur I bhfeidhm na Scéime go bliantúil.
D'fhéadfaí Oifigeach Sinsearach laistigh de gach rannóg a ainmniú chun freagracht bainistíochta a ghlacadh maidir le cur I bhfeidhm na Scéime sa rannóg sin.
Ainmneófar Oifigeach Sinsearach laistigh den Rannóg Gnóthaí Corparáideacha chun comhordú a dhéanamh ar chur I bhfeidhm corparáideach na Scéime don eagraíocht ina iomláine agus chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Comhairle ar chloí le riachtanais na Scéime agus chun an t-eolas seo ar fad a chur ar fáil don Chomhairle, agus más gá don Choimisinéir Teanga.
Déanfar fiosrú ar aon ghearán maidir le cur I bhfeidhm na Scéime de réir an phróisis gearáin atá leagtha amach sa Phlean

Gníomhaíochta do Sheirbhísí Custaiméara.
Déanfaidh na rannóga éagsúla cinnte go mbeidh gach ball den fhoireann ar an eolas faoi riachtanais agus faoi impleachtaí na Scéime.

Traenáil

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do rath na Scéime seo. Dá réir sin, tuigeann sé cé chomh tábhachtach is atá sé oiliúint Gaeilge a chur ar a cuid fostaithe. Tuigtear freisin gur gá tosaíocht a thabhairt do thraenáil do fhostaithe ar leith – iad siúd a bhíonn mar chéad theagmháil ag an bpobal. Baineann sé seo le fostaithe atá ar an ‘líne tosaigh’ – iad siúd a bhíonn i mbun cumarsáid rialta béil agus scríofa leis an bpobal agus iad ag déileáil le ceisteanna, tuairimí agus gearáin.

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le cur le muinín na foirne agus na gComhairleoirí ina gcuid scileanna dátheangachas. Spreagfaidh an Chomhairle cumas scríofa agus labhartha na Gaeilge na foirne chun cur le scileanna dátheangacha i gcúrsaí riaracháin na Comhairle chun go mbeifear in ann freastal ar an bpobal go dátheangach.

Molfar don fhoireann freastal ar chúrsaí iomchuí a bheidh dírithe a fheabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i réimse a gcuid oibre os comhair an phobail, de réir riachtanais a gcuid post.
Déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí.
Fiosróidh an Chomhairle na féidearthachtaí maidir le traenáil agus tacaíocht oiriúnach a chur ar fáil d’oifigigh, a bheidh ag baint níos mó úsáide as a gcuid Gaeilge, chun bheith ábalta bogearraí aistriúcháin a úsáid a chuirfidh an Chomhairle ar fáil i.
Cuirfidh an Chomhairle tacaíocht Gaeilge ar fáil don fhoireann ar an Inlíon le leabhair théarmaíochta, litreacha timpléadacha, foirmeacha agus fógraí.
Molfar d’oifigigh atá ag foghlaim Gaeilge í a úsáid chomh minic agus is féidir aineoinn easpa misnigh agus cleachtadh. D’fhéadfaí maidineacha caifé, ciorcal comhrá, comhlacht drámaíochta agus imeachtaí eile a eagrú chun tacaíocht a thabhairt dóibh sa chás seo.
Déanfaidh an Chomhairle cinnte go gcuirfear traenáil ar fáil do gach rannóg le go mbeidh siad airdeallach faoin nGaeilge..

Foireann

<i>Gníomh</i>
Agus iad ag déanamh cinneadh maidir le riachtanais Ghaeilge do phost, tabharfaidh an Chomhairle an méid seo san áireamh: - Sainscileanna ar leith don phost, - Scileanna atá riachtanach don fhoireann ina iomláine, - Gnéithe cultúrtha, timpeallachta agus teanga atá ceangailte le nádúr scileanna teanga an phoist agus an phobal/ceantar ar a fhreastlaíonn sé.
Roinnfear foireann dhátheangach amach thar rannóga na Comhairle trí dhaoine nua a earcú, trí chlár traenála a chur ar fáil don fhoireann ag gach leibhéal agus, nuair is féidir agus nuair a aontaíonn an fhoireann leis, dualgaisí agus freagrachtaí na foirne a atheagrú agus iad a bhogadh chuig post eile sa Chomhairle.
Chun idirdhealú a dhéanamh idir na poist sin a bhfuil an Ghaeilge riachtanach dóibh agus na poist sin a bhfuil an Ghaeilge inmhianaithe dóibh, déanfaidh an Chomhairle scrúdú ar a cuid seirbhísí agus an ceangailt a bhíonn ag na seirbhísí sin leis an bpobal, ar a n-áireofar nádúir na hoibre agus chomh minic is a úsáideann Gaeilgeoirí na seirbhísí sin. Cuirfear na riachtanais sin san áireamh I bhfógraí agus I sonraí poist. Déanfaidh an scrúdú : (a) Anailís a chur ar fáil faoin leibhéal líofachta a theastaíonn I ngach rannóg le cinntiú go mbeidh siad siúd, ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge; (b) Cláir thraenála agus scileanna breise a chur ar fáil don fhoireann.
Beidh an Chomhairle gníomhach I spreagadh na foirne chun cur lena gcuid Gaeilge agus chun cur le cur I bhfeidhm éifeachtach na Scéime.

Earcaíocht

<i>Gníomh</i>
Beidh líofacht teanga ar cheann de na scileanna a chuirfear san áireamh in earcú foirne.
Má bhíonn scileanna cumarsáide dátheangach riachtanach nó inmhianaithe do phost, beidh sé seo sonrathaithe i sonraíocht an phoist agus sa bhfógra earcaíochta don phost.
Sa chás is go mbeidh beirt iarrthóir, atá ar chomhchéim maidir le taithí agus le cáilíochtaí ag cur isteach ar phost ina bhfuil an Ghaeilge

inmhianaithe, glacfar leis an gcumas a bheidh ag duine cumarsáid a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge mar scil bhreise.
Beidh scileanna scríofa agus labhartha dhátheangacha sonraithe i bhfógra an phoist.
Cuirfear an Scéim Teanga faoi bhráid gach ball nua foirne agus cuirfear ar an eolas iad maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag an Scéim ar an mbealach a ndéanfaidh siad a gcuid oibre.
Má bhíonn an Ghaeilge inmhianaithe do phost, beidh an fógra earcaíochta don phost iomlán dátheangach.
Déanfaimid iarracht mionathrú a dhéanamh ar an gcritéir don agallamh Gaeilge le go mbeidh creidiúint de 3%/6% breise ann, lenár dtiomantas don Scéim seo a léiriú.
Déanfar an méid atá luaite thuas de réir beartais earcaíochta náisiúnta agus de réir na rialacháin fostaíochta iomchuí.

Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann

Cuirfear an Scéim seo I gcomhthéacs na mórstraitéise Cathair na Gaillimhe a fhorbairt mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann. Tá an Straitéis seo á forbairt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Tá lántacaíocht ag an Scéim seo ó Fhoireann Bainistíochta na Comhairle. Beidh an Bainisteoir Cathrach freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina hiomláine. Beidh Stiúrthóirí Seirbhíse agus na gráid atá ar aon dul leo freagrach as an Scéim a chur i bhfeidhm ina gcuid rannóga féin agus as tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm na Scéime uair sa bhliain ar a laghad. Beidh ar gach rannóg Plean Gníomhaíochta a dhéanamh amach don Scéim, nó sin, sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun an Scéim a chur i bhfeidhm, chomh maith le spriocdhátaí a chloíann leis an spriocdhátaí atá sa Scéim seo, a chur san áireamh i bplean gníomhaíochta na rannóige féin.

D'fhéadfaí Oifigeach Sinsearach i ngach rannóg a ainmniú chun freagracht bainistíochta a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm na Scéime ina rannóg féin. Bunófar Grúpa Monatóireachta & Athbhreithnithe chun monatóireacht a dhéanamh ar an Scéim agus chun an cur i bhfeidhm corparáideach a chomhordú don eagraíochta ina hiomláine agus chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Comhairle ina leith.

Déanfar cur i bhfeidhm, feidmiú agus athbhreithniú éifeachtach na Scéime thrí ghnáthmheicníochtaí an Údaráis Áitiúil. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisinéir Teanga maidir le modh éifeachtach a aimsiú chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Scéime.

D'fhéadfadh an Chomhairle táscairí saothraithe a chur in áit, chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an Scéim thríd na meicníochtaí atá luaite thuas.

Poiblíocht ar an Scéim Aontaithe

Déanfar poiblíocht ar ábhar na Scéime, chomh maith le gealltanais agus forálacha na Scéime, ar na bealaí seo a leanas:

- Preasráiteas.
- Seoladh oifigiúil agus aontú na Comhairle ar an Scéim.
 - Poiblíocht ar fhorálacha na Scéime.
- Dáileadh ar an gníomhaireachtaí agus ar na comhlachtaí poiblí iomchuí.
- Foilsiú na Scéime ar láithreán gréasáin na Comhairle agus nasc ann le go mbeidh sé éasca teacht air.

Déanfar tuairisciú bhliantúil ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú ar an Scéim i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle Cathrach. Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Aguisín

Aighneachtaí ón bpobal

Fuarthas aighneachtaí ó:

Conradh na Gaeilge, Árus na nGael, Sráid Doiminic, Gaillimh

Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath

Nollaig Ó Gadhra, Na Forbacha, Gaillimh

Áine Ní Shiúradáin, Gaelscoil Mhic Amhlaidh, Gaillimh

Irish Translators' and Interpreters' Association / Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann

Gaillimh le Gaeilge

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Grúpa Forbartha Gaeilge Mhionlaigh